# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

---

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL
# ROINN 2

---

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## 1. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

### A. Aibhneacha

(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** de **chreimeadh abhann**.

Tarraing léaráid den ghné seo.

Mínigh conas a cruthaíodh an ghné seo. [6]

(ii) Scrúdaigh an fótagraf den Stáisiún Cumhachta Hidrileictreach ina bhfuil damba agus loch.

Déan cur síos ar bhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le tógáil damba. [4]

Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le tógáil damba. [4]




**1. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH (ar leanúint)**

**B. Síonchaitheamh sa Bhoireann**

(i) Cén cineál carraige í aolchloch?

[2]

(ii) Sa phictiúr seo taispeántar pábháil aolchloiche.




Cad é an t-ainm a thugtar ar na leaca aolchloiche ag **X**?

Cad é an t-ainm a thugtar ar na bearnaí síoncaite ag **Y**?

[2]

(iii) Ainmnigh **DHÁ** thírghné ar bith **faoi thalamh** a fhaightear sa Bhoireann.

[4]

**C.** Tá an Bhoireann an-tarraingteach do thurasóirí. Téann an turasóireacht chun tairbhe don cheantar seo ach is féidir léi fadhbanna a chruthú freisin.

Ainmnigh tairbhe **AMHÁIN** agus mínigh conas a chabhraíonn sí le ceantar na Boirne agus leis na daoine a chonaíonn inti.

Ainmnigh fadhb **AMHÁIN** agus mínigh conas a chruthaíonn an turasóireacht í.

[8]

**THALL ⟶**

**2. AN tATMAISFÉAR CORRACH**

**A.** Sa tábla seo a leanas taispeántar figiúirí teochta agus báistí d'Aerfort na Sionainne. Scrúdaigh an tábla agus freagair na ceisteanna thíos.

| | Teocht agus báisteach ag Aerfort na Sionainne do 2008 | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúil | Lún | M.Fó | D.Fó | Sam | Nol | |
| Teocht | 7 | 6 | 7 | 8 | 14 | 14 | 15 | 16 | 13 | 10 | 8 | 5 | °C |
| Báisteach | 220 | 62 | 102 | 49 | 35 | 105 | 94 | 187 | 86 | 156 | 92 | 75 | mm |

*(Foinse: In oiriúint ó Mheit. Éireann)*

(i) Cé acu an mhí ba fhliche? [2]

(ii) Cé acu an mhí ab fhuaire? [2]

(iii) Cén raon teochta bliantúil a bhí ann? [2]

(iv) Mínigh cén fáth a bhfuil an teocht níos airde i míonna an tSamhraidh. [4]

**B.** Tarraing léaráid lipéadaithe agus mínigh conas a tharlaíonn báisteach rilífe **NÓ** báisteach chomhiompair.

[8]

**C.** Bíonn tionchar ag an aimsir ar an obair a dhéanann a lán daoine.

Ainmnigh **DHÁ** ghrúpa daoine a mbíonn tionchar ag an aimsir ar a gcuid oibre.

Do **GACH** cheann den dá ghrúpa díobh mínigh conas a bhíonn tionchar ag an aimsir orthu.

[12]

## 3. AERFÓTAGRAF agus LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Déan staidéar ar an aerfótagraf de Charraig na Siúire a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NOD**: Cuimhnigh air gur fótagraf sceabhach (fiar) é seo. Ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid mar sin, e.g. an cúlra ar clé, an lár ar dheis, lár an tulra, etc.]

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar go léir a thaispeántar san fhótagraf. Marcáil iad seo uirthi agus ainmnigh iad:

- An abhainn
- Droichead
- Dhá bhóthar chónascacha
- Páirc spóirt.

[10]

**B.** Samhlaigh go bhfuil cónaí ort i gceann de na tithe a thaispeántar sa lár ar dheis ar an bhfótagraf.

Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann le cónaí ann. I do fhreagra caithfidh tú eolas ón bhfótagraf a úsáid.

[10]

**C.** Freagair an chuid seo den cheist agus léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus / nó an tAerfótagraf á úsáid agat.

(i) Ainmigh agus luaigh suíomh aon **DÁ** ní a tharraingeodh turasóirí.

(ii) Mínigh conas a bhainfeadh turasóirí úsáid as na nithe sin.


[10]

**THALL →**

## 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna 4A, 4B, 4C, 4D.**

### 4A. STAIDÉAR AR AN DAONRA




Déan staidéar ar an ngraf thuas. Taispeánann sé struchtúr an daonra i mbaile mór in Éirinn.

(i) Cé mhéad fireannach atá san aoisghrúpa 60 – 64? [2]

(ii) An bhfuil níos mó baineannach san aoisghrúpa 60 – 64 nó san aoisghrúpa 30 – 34? [2]

(iii) Tá boilsc sa daonra de dhaoine idir 25 agus 39. Cén fáth a mbeadh buntáiste sa toisc seo do dhuine a dteastaíonn uaidh monarcha nua a thógail sa bhaile mór? [2]

(iv) Ainmigh **DHÁ** shlí ina mbaineann rialtais úsáid as pirimidí daonra. [4]

### 4B. DOMHAN ÉAGOTHROM

Tarlaíonn difríochtaí laistigh de thíortha agus idir thíortha agus dá bharr seo is domhan éagothrom é.

(i) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** chúis go bhfuil difríochtaí idir oirthear agus iarthar na hÉireann. [4]

(ii) Ainmnigh tír **AMHÁIN**, sa domhan i mbéal forbartha, a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
Mínigh conas a chuir **DHÁ** thoisc ón liosta thíos moill ar fhorbairt sa tír sin.

- Athrú aeráide
- Fás sa daonra
- Cogadh
- Trádáil éagórach. [6]

**4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar leanúint)**

## 4C. GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH – Ró-iascaireacht




(i) Mínigh conas a chabhraigh **DHÁ** cheann ar bith de na nithe a thaispeántar sna fótagraif thuas chun ró-iascaireacht a chruthú. [4]

(ii) Déan cur síos ar **DHÁ** thoradh a bhaineann le ró-iascaireacht sna farraigí timpeall ar Éirinn. [6]

## 4D. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH

(i) Ainmnigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann le cónaí i gcathair. [2]

(ii) Roghnaigh fadhb **AMHÁIN** as na pictiúir thíos agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh sé a bheith mar mhíbhuntáiste i dtaca le cónaí i gcathair. [4]




(iii) Mínigh **DHÁ** cheann de na téarmaí seo a leanas:

- Broidtráth
- Lárcheantar Gnó
- Comaitéir
- Ceantar Coisithe. [4]

**THALL →**

## 5. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

**A.** Déan staidéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus ar an eochair eolais a thugtar duit.

Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.
Marcáil uirthi agus ainmnigh:

- Abhainn mhór
- An limistéar faoi fhoirgnimh de Charraig na Siúire
- Príomhbhóthar Náisiúnta.
- Seaniarsma amháin.

[10]

**B.** Féach arís ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

(i) "Is baile mór aosta é Carraig na Siúire. D'fhás sé ag an suíomh seo ar chúiseanna éagsúla".
Agus fianaise á húsáid agat ón léarscáil, ainmnigh agus déan cur síos ar **DHÁ** chúis le fás Charraig na Siúire ag an suíomh seo.

[8]

(ii) Cad é an fad i gciliméadair, (i bhfoirm líne dhíreach trasna tíre), idir ionad eolais na turasóireachta ag **S 401 217**agus an ceantar páirceála ag **S 431 226**?

[3]

**C.** Bain úsáid as an eochair eolais a thugtar duit agus féach ar an limistéar faoi fhoirgnimh de Charraig na Siúire a thaispeántar ar an léarscáil.

Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, ainmnigh agus lonnaigh **TRÍ** sheirbhís a chuirtear ar fáil.

[9]